



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0302(COD)**

13134/22
ADD 3

JUSTCIV 122
JAI 1265
CONSUM 249
COMPET 759
MI 710
FREMP 201
CODEC 1407
TELECOM 391
CYBER 315
DATAPROTECT 268

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Meán Fómhair 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2022) 317 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 317 final.

Faoi iamh: SWD(2022) 317 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2022
SWD(2022) 317 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

a ghabhann leis an doiciméad

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha

{COM(2022) 495 final} - {SEC(2022) 343 final} - {SWD(2022) 315 final} -
{SWD(2022) 316 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair ar athbhreithniú Threoir 85/374/CEE maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha (an Treoir maidir le Dliteanas i leith Táirgí)

A. An gá atá le beart

Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?

Leagtar síos sa treoir comhrialacha AE maidir le diandliteanas (i.e. dliteanas beag beann ar locht nó ar fhaillí – dliteanas gan locht) táirgeoirí i leith damáiste a dhéantar mar gheall ar tháirgí lochtacha. Éascaítear léi d'aon duine a gortaíodh mar gheall ar tháirge lochtach, cé acu an t-úinéir nó duine a bhí ar an láthair, cúiteamh airgeadais a éileamh ar bhás, díobhálacha pearsanta nó damáiste do mhaoin tomhaltóra.

Ag tógáil ar thorthaí na meastóireachta¹, sainaitníodh dhá fhadhb sa mheasúnú tionchair.

1. **Ní bhaineann dliteanas gan locht le táirgí, gníomhaithe eacnamaíocha agus damáiste áirithe sa gheilleagar digiteach agus ciorclach.** Cumadh an Treoir i bhfad roimh an réabhlóid dhigiteach agus níl an dóigh a bhfuil feidhm ag a rialacha maidir le táirgí sa ré dhigiteach soiléir, go háirithe bogearraí agus táirgí a bhfuil bogearraí nó seirbhísí digiteacha de dhíth orthu chun feidhmiú, amhail gléasanna cliste agus feithiclí uathrialaitheacha. Níl sé soiléir ach oiread cé ba cheart a bheith faoi dhliteanas i gcás go bhfuil táirge a mhionathraíonn athchóiritheoir nó athmhonaróir lochtach agus go ndéanann sé dochar. Ina theannta sin, tá sé ag éirí níos coitianta do thomhaltóirí táirgí a cheannach ó thíortha nach tíortha de AE iad gan táirgeoir nó allmhaireoir a bheith lonnaithe in AE. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil aon duine ann chun cúiteamh a lorg ón Aontas Eorpach faoin Treoir má bhíonn táirge lochtach agus má dhéanann sé dochar.
2. **Tá constaicí le sárú ag tomhaltóirí maidir le cúiteamh a fháil.** D'fhéadfadh sé a bheith an-deacair d'íospartaigh a ndearnadh díobháil dóibh i gcásanna casta a chruthú go bhfuil táirge lochtach agus gur tharla an damáiste mar gheall ar an locht, mar shampla cásanna áirithe a bhaineann le táirgí le cuidiú intleachta saorga, táirgí cliste nó cógaisíocht. Ní thugtar ceart sa Treoir d'íospartaigh faisnéis theicniúil a fháil a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu chun dliteanas a chruthú, ná níl aon fhéidearthacht fhollasach inti chun an dualgas cruthúnais a mhaolú nuair a bhíonn deacrachtaí díreireacha roimh íospartaigh. Cuirtear srianta leis an Treoir ar éilimh a dhéanamh: ní cheadaítear éilimh ar dhamáiste maoin ar fiú níos lú ná EUR 500 é agus tagann deireadh le dliteanas an táirgeoir i ndiaidh 10 mbliana.

Cad é ba cheart a bhaint amach?

Leis an athbhreithniú ar an Treoir, féachtar le dhá chuspóir ghinearálta a bhaint amach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaitníodh, agus forbraítear an dá chuspóir sin ar chuspóirí na Treorach reatha:

- 1) Leanúint le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, saorghluaiseacht earraí agus iomaíocht neamhshaofa idir oibreoirí margaidh a áirithiú;
- 2) Leanúint le hardleibhéal cosanta do shláinte agus do mhaoin tomhaltóirí a áirithiú.

Féachtar sa tionscnamh le cúig chuspóir ar leith a bhaint amach: (i) a áirithiú go dtiocfaidh na rialacha dliteanais le cineál agus rioscaí na dtáirgí sa ré dhigiteach; (ii) a áirithiú go dtiocfaidh na rialacha dliteanais le cineál na dtáirgí sa gheilleagar ciorclach; (iii) a áirithiú gur ann i gcónaí do dhuine faoi dhliteanas atá bunaithe san Aontas Eorpach i leith táirgí lochtacha a cheannaítear ó tháirgeoirí lasmuigh den Aontas Eorpach; (iv) an dualgas cruthúnais a mhaolú i gcás táirgí casta agus an dliteanas i leith lochtanna do-aimsithe a shoiléiriú, agus cothromaíocht chóir idir táirgeoirí agus tomhaltóirí á háirithiú; agus (v) srianta ar éilimh a dhéanamh a mhaolú, agus cothromaíocht chóir idir táirgeoirí agus tomhaltóirí á háirithiú.

Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal AE (coimhdeacht)?

Le gníomhaíocht rialála ar leibhéal AE dhéanfaí cur chun feidhme comhsheasmhach na rialacha maidir le dliteanas táirgí a áirithiú. Ós rud é go gcomhchuibhítear go hiomlán leis an Treoir na cúrsaí go léir a chlúdaítear inti, ní mór aon athruithe a dhéanamh ar leibhéal AE. Chuirfí cinnteacht dhlíthiúil ar fáil leis maidir le: (i) cad iad na táirgí, na hoibreoirí eacnamaíocha agus na cineálacha díobhála a thagann faoi raon feidhme na Treorach; agus (ii) cothromaíocht chuí na leasanna idir táirgeoirí agus tomhaltóirí ar fud an Aontais Eorpaigh. In éagmais

¹ Meastóireacht ar an Treoir maidir le Dliteanas i leith Táirgí, [SWD\(2018\)157](#).

sraith aonfhoirmeach rialacha chun íospartaigh a ndearna táirgí lochtacha díobháil dóibh a chúiteamh, bheadh 27 sraith éagsúil rialacha roimh mhonaróirí, rud a d'fhágadh go mbeadh leibhéal éagsúla cosanta ann do thomhaltóirí agus nach mbeadh aon chothroime iomaíochta ann i measc gnólachtaí ó Bhallstáit éagsúla.

B. Réitigh

Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?

Chomh maith leis an gcás bonnlíne gan beart a dhéanamh, sainaithnítear sa mheasúnú tionchair trí rogha chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb 1 a bhaineann leis an ré dhigiteach agus leis an ngeilleagar ciorclach, agus dhá rogha chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb 2 maidir le bacainní ar chúiteamh a fháil.

D'áiríteofaí le rogha 1a go mbeadh monaróirí táirgí, a bhfuil bogearraí nó seirbhísí digiteacha riachtanach dóibh le go n-oibreodh siad, faoi dhliteanas faoin Treoir. Díreach mar atá i gcás comhphárteanna inláimhsithe, bheadh soláthraithe na ngéithe digiteacha doláimhsithe sin faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach leis an monaróir. Bheadh gnóthais a dhéanann mionathrú suntasach ar tháirge agus a chuireann ar ais ar an margadh é, amhail athmhonaróirí faoi dhliteanas faoin Treoir freisin. Bheadh ionadaí údaraithe monaróra neamh-AE faoi dhliteanas freisin i gcás nach bhfuil aon allmhaireoir san Aontas Eorpach.

Déantar forbairt i Rogha 1b ar rogha 1a agus, ina theannta sin, bheadh gach bogearra a bhaineann le sábháilteachta ina tháirge ann féin. Áirítear leis sin bogearraí tríú páirtí a chuirtear le táirge nó bogearraí aonair a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh iad féin (amhail bogearraí feistí leighis). Faoin rogha sin bheadh sé indéanta freisin soláthraí seirbhíse comhlíonta a chur faoi dhliteanas faoin Treoir mura bhfuil aon allmhaireoir san Aontas Eorpach agus murar cheap monaróir neamh-AE aon ionadaí údaraithe.

Chuimseofaí i rogha 1c na bearta i rogha 1b agus, chomh maith leis sin, chuimseofaí inti aon bhogearraí a mbeadh impleachtaí ag baint leo do chearta bunúsacha. Bheadh damáiste mar thoradh ar shárúithe ar chearta bunúsacha, amhail sárúithe ar chosaint sonraí, sárúithe príobháideachta nó idirdhealú (e.g. trí bhogearraí earcaíochta intleachta saorga) inchúitithe.

Laghdófaí le rogha 2a an dualgas cruthúnais ar íospartaigh a ndearnadh díobháil dóibh tríd an méid seo a leanas a chomhchuíbhíú: (i) rialacha maidir leis an tráth a mbeidh oibleagáid ar tháirgeoirí an fhaisnéis theicniúil is gá a nochtadh don íospartach sa chúirt; agus (ii) coinníollacha do cúirteanna náisiúnta glacadh leis go raibh táirge lochtach go deimhin nó go raibh an locht ina chúis go deimhin leis an damáiste, go háirithe i gcásanna casta ina bhfuil sé thar a bheith deacair dliteanas a chruthú. Laghdófaí le rogha 2a srianta ar éilimh a dhéanamh (tríd an tairseach damáiste maoine a bhaint agus an tréimhse dliteanais a shíneadh).

D'fhreaschuirfí an dualgas cruthúnais le Rogha 2b, ionas gurb é an táirgeoir a chaitheadh a chruthú nach raibh an táirge lochtach agus nach raibh sé ina chúis leis an díobháil. Bhainfí an chosaint riosca forbartha, lena ndíolmhaítear táirgeoirí ó dhliteanas nuair nach raibh éifeachtúlacht táirge inaimsiithe de réir eolas úrscothach. Laghdófaí le rogha 2b srianta ar éilimh a dhéanamh (tairseacha agus teorainneacha ama).

Sainaithnítear sa mheasúnú tionchair roghanna 1b agus 2a mar an mheascán roghanna is fearr.

Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?

Maidir leis na roghanna chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb 1, bhí 56 % de na freagróirí ar an gcomhairliúchán poiblí (gan baill den phobal a áireamh) i bhfabhar athrú reachtach chun rialacha dliteanais a oiriúnú don gheilleagar digiteach agus don gheilleagar ciorclach. I measc an phobail, b'ionann sin agus 75 %. Bhí eagraíochtaí tomhaltóirí, údarais phoiblí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha i bhfabhar níos mó idirghabhála (rogha 1b nó 1c) ná mar a bhí gnólachtaí agus eagraíochtaí gnó. Bhí na páirtithe leasmhara gnó sin an-amhrasach faoi rogha 1c, toisc gur mheas siad go bhféadfaí sárúithe ar chearta bunúsacha a chúiteamh faoi dhlíthe eile amhail an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus go mbeadh sé díréireach dliteanas gan locht a chur i bhfeidhm ar tháirgeoirí. Agus an easpa cinnteacht dhlíthiúil atá ann faoi láthair á haithint acu, bhí páirtithe leasmhara a dhéanann ionadaíochta do ghnólachtaí móra agus do thionscal na mbogearraí níos mó i bhfabhar aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin trí threoir ná trí athrú reachtach. Bhí páirtithe leasmhara ó earnálacha níos traidisiúnta (innealtóireacht, soláthróirí comhphárteanna, fearais tí) i bhfabhar athrú aireach (rogha 1a nó 1b).

Maidir leis na roghanna chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb 2, bhí eagraíochtaí tomhaltóirí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha níos mó i bhfabhar rogha 2b. Mheas siad nach ndeachaigh rogha 2a fada go leor chun cothroimaíocht chóir a bhaint amach idir tomhaltóirí agus táirgeoirí. Bhí páirtithe leasmhara a dhéanann ionadaíochta do ghnó níos mó i bhfabhar rogha 2a ach ar an iomlán bhí siad amhrasach faoi aon athruithe a

dhéanamh ar an gcothromaíocht atá ann idir tomhaltóirí agus táirgeoirí.
C. Tionchar na rogha tosaíochta
Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?
<p>Le rogha 1b, chuirfí deimhneacht dhlíthiúil ar fáil maidir leis na táirgí agus na táirgeoirí a chumhdaítear faoi dhliteanas gan locht agus spreagfaí gach táirgeoir, lena n-áirítear táirgeoirí neamh-AE, gan ach táirgí sábháilte a chur ar mhargadh AE ionas na dtabhófaí dliteanas. Treisítear sábháilteacht táirgí leis sin. D'áiríteofaí leis freisin go mbeadh an chosaint chéanna ag tomhaltóirí i gcás go ndéanfadh táirgí lochtacha díobháil dóibh, is cuma má bhaineann an locht le comhpháirteanna digiteacha nó comhpháirteanna inláimhsithe an táirge agus i gcás go ndéanfadh bogearraí aonair lochtacha astu féin dochar dóibh. Trí sholáthraithe bogearraí, gnólachtaí a dhéanann mionathrú suntasach ar tháirgí, ionadaithe údaraithe agus soláthraithe seirbhíse comhlíonta a chur faoi raon feidhme na Treorach, beidh deis níos fearr ag íospartaigh a ndearnadh díobháil dóibh cúiteamh a fháil toisc nach mbeadh orthu locht an táirgeora a chruthú (prionsabal dliteanais gan locht na Treorach). Meastar go dtiocfaidh méadú idir EUR 0.15 milliún agus 22.13 milliún ar chúiteamh bliantúil do dhaoine díobháilte i gcomparáid leis an mbonnlíne.</p> <p>Chruthófaí le rogha 2a cinnteacht dhlíthiúil níos mó agus bhainfí amach cosaint chothrom do thomhaltóirí ar fud an Aontais Eorpaigh. Roinnfeadh an dualgas cruthúnais ar bhealach níos cothroime idir páirtithe díobháilte agus táirgeoirí i gcásanna níos casta. Chuirfeadh sé sin leis an seans éileamh rathúil ar chúiteamh a fhorfheidhmiú i gcásanna den sórt sin. Laghdófaí constaicí díreireacha ar éilimh a dhéanamh. Meastar go dtiocfaidh méadú idir EUR 0.20 milliún agus 43.54 milliún ar chúiteamh bliantúil do dhaoine díobháilte i gcomparáid leis an mbonnlíne.</p> <p>Trí chur i bhfeidhm an dliteanais gan locht a leathnú, bheadh imeachtaí dlí níos giorra mar thoradh ar na roghanna beartais toisc nach mbeadh ar chúirteanna déileáil le ceisteanna lochta nó faillí.</p>
Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?
<p>Is costas do tháirgeoirí iad na buntáistí a bhaineann le cúiteamh méadaithe do thomhaltóirí. I gcás 80% de tháirgeoirí a bhfuil árachas dliteanais acu, bheadh méadú beag ar an bpríomh árachais bhliantúil mar thoradh air sin. I gcás rogha 1b, meastar gurb ionann é sin agus idir EUR 4.35 milliún agus 8.69 milliún i gcomparáid leis an mbonnlíne. I gcás rogha 2a, meastar gurb ionann é sin agus idir EUR 14.35 milliún agus EUR 28.71 milliún i gcomparáid leis an mbonnlíne. Don mhionlach na dtáirgeoirí nach bhfuil árachas dliteanais acu, bheadh cúiteamh le híoc acu i ndáil le híospartaigh. Chun comhaireamh dúbailte a sheachaint, áfach, cuirtear é sin san áireamh maidir leis na buntáistí a bhaineann le cúiteamh méadaithe do thomhaltóirí.</p> <p>Cé go mbeadh imeachtaí dlí níos giorra (féach na buntáistí), mhéadófaí líon na n-imeachtaí freisin mar gheall ar raon feidhme leathnaithe na Treorach. Faoi rogha 1b, déantar iomlán na gcostas dlí bliantúil a mheas le méadú beagáinín idir EUR 1.12 milliún agus 2.75 milliún i gcomparáid leis an mbonnlíne. Ar an dóigh chéanna, faoi rogha 2a, meastar go dtiocfaidh méadú beag idir EUR 0.41 milliún agus 1.02 milliún ar iomlán na gcostas dlí bliantúil i gcomparáid leis an mbonnlíne.</p> <p>Chuirfeadh ionadaithe údaraithe agus soláthraithe seirbhíse comhlíonta, a d'fhéadfaí a chur faoi dhliteanas i gcás nach bhfuil aon allmhaireoir bunaithe san Aontas Eorpach, costais mhéadaithe ar aghaidh chuig táirgeoirí nach bhfuil san Aontas Eorpach. D'fhéadfadh ardú beag ach nach féidir a thomhas ar phraghsanna táirgí ó thíortha nach tíortha de AE iad a bheith mar thoradh air sin. Cúitítear aon ardú ar phraghsanna le méadú ar shábháilteacht táirgí agus ar chosaint tomhaltóirí i gcás díobhála.</p>
Cad iad na tionchair ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus ar an iomaíochas?
Níor tarraingíodh aird ar bith in aiseolas ó pháirtithe leasmhara ar aon tionchar ar leith ar FBManna na roghanna beartais. Bhainfeadh FBManna tairbhe mhór, áfach, as rialacha dliteanais níos soiléire, toisc nach bhfuil an oiread sin acmhainní acu faoi choinne comhairle dlí. Le méaduithe ar árachas dliteanais táirgí, fiú má táthar ag súil go mbeidh siad beag, d'fhéadfaí dul i gcion níos mó ar FBManna ná mar a rachadh ar chuideachtaí móra, toisc go bhfuil níos lú acmhainne acu costais a ionsú.
An imreofar tionchair shuntasachar bhuiséid náisiúnta agus ar lucht riaracháin náisiúnta?
Ní ghintear aon chostais riaracháin leis an Treoir. Níor saináithníodh aon tionchar ar bhuiséid náisiúnta.

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?
Níor aithníodh aon tionchar suntasach eile.
Comhréireacht?
Tugtar aghaidh leis ngníomhaíocht atá beartaithe ar chuspóir an tionscnaimh agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun na rialacha dlíteanais a thabhairt cothrom le dáta le forbairtí sa gheilleagar digiteach agus ciorclach agus chun bacainní ar chúiteamh a fháil a laghdú.
D. Obair leantach
Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?
Ullmhóidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Treoir athbhreithnithe 6 bliana i ndiaidh di teacht i bhfeidhm.